# Scéal, Scéal, Scéal...

COIS FHARRAIGE
fóram um pleanáil teanga

24 Aibreán 2024 | Eagrán 193

*Scéilíní, nuaíocht agus fógraí as Cois Fharraige.*




Cuireann muintir Chois Fharraige a nguth le comharsain
Liam Uí Chonghaile ag guí chuile rath ar na peileadóirí óga Gaeltachta seo.
Gaillimh Abú!

# SCOLÁIREACHTAÍ DO MHIC LÉINN CHÚRAIM SLÁINTE

Tá Scéim Scoláireachtaí Gaeltachta á reáchtáil ag Feidhmeannas na Seirbhísí Sláinte i gcomhar le hÚdarás na Gaeltachta. Tá an scéim á maoiniú ag Eagraíochtaí Sláinte Pobail 1 is 2, a chlúdaíonn Gaeltacht Thír Chonaill, Mhaigh Eo is na Gaillimhe de bhrí go n-aithnítear go bhfuil easnaimh sna seirbhísí i nGaeilge i dTír Chonaill agus i nGaillimh go háirithe. Tabharfar tús áite d'iarrthóirí as Gaeltachtaí na Gaillimhe, Mhaigh Eo is Dhún na nGall dá bhrí sin.

Bronnfar scoláireachtaí ar mhic léinn tríú leibhéal Gaeltachta a bhfuil Gaeilge líofa acu le tabhairt faoi chúrsaí éagsúla i réimsí an leighis. Cuidíonn an scéim seo le táillí coláiste a ghlanadh ar ghealltanais oibriú le FnaSS ar feadh trí bliana ag soláthar seirbhísí sláinte do chainteoirí Gaeilge. Tugadh cúnamh anuraidh do sheachtar ón nGaeltacht.  Cuirfear na hiarrthóirí in ord fiúntais mar seo:

I mBliain 2 nó níos faide ar aghaidh ar chúrsa bunchéime cúrsaí sláinte ar nós Fisiteiripe, Teiripe Shaothair, Radagraifaíocht, Síciatracht 7rl

I mBliain 2 nó níos faide ar aghaidh sa gcúrsa bunchéime Leighis. Tabharfar tús áite d'iarrthóirí Bliain 3,4,5.

I mBliain 2 nó níos faide ar aghaidh sa gcúrsa bunchéime i dTeiripe Urlabhra agus Teanga.

Caithfidh iarrthóirí a léiriú cén tuiscint atá acu ar sheirbhís sláinte i nGaeilge agus an chaoi a d'fheicfeadh sé/sí é féin ag comhlíonadh na ndualgas seo.

Cuirfear iarrthóirí ar ghearrliosta. Tá súil go mbeidh agallaimh ar siúl le linn Mhí na Bealtaine.

Ní mór an fhoirm iarratais seo a líonadh agus a sheoladh ar ais faoin 3 Bealtaine.

Tuilleadh eolais: bairbre.uitheighneain@hse.ie
www.hse.ie/teanga

# GLIOGAR

Cuirfear tús le coirmeacha ceoil atá á n-eagrú ag GLIOGAR ar an Domhnach beag seo 28 Aibreán i Seanscoil Sailearna. *Cuar*, á stiúradh ag Neil Ó Lochlainn agus Muireann Ní Shé a bheas ann ar an Domhnach 28 Aibreán agus 'sí an ceoltóir as Albain Brìghde Chaimbeul agus an Déiseach Seamus Hyland a bheas ann ar an Déardaoin 2 Bealtaine. Tá na ceoltóirí seo ar fad fréamhaithe sa traidisiún agus a stíl ceoil féin acu.




Beifear ag súil le scoth an cheoil Ghaelaigh ó shamhlaíocht na gceannródaithe seo.
Osclófar na doirse ag 7.30 i.n agus tosnóidh an ceol ag 8.00 i.n. Tá ticéid ar fáil trí www.gliogar.ie.
Is cnuasach ealaíontóirí agus ceoltóirí iad Gliogar, a chuireann ceolchoirmeacha ar siúl le ceoltóirí comhaimseartha Gaelacha; trí mheáin na Gaeilge go háirid.
I gConamara Theas atá siad lonnaithe.

Féach ar *Chuar* agus ar Bhrìghde Chaimbeul ar YouTube.

# COIS FHARRAIGE GO COP28

Seans gur cuimhin le cuid agaibh gur sheol daltaí ó Choláiste Chroí Mhuire agus Coláiste Cholmcille an chomhlitir seo chuig an gcomhdháil COP28 a bhí ar siúl i Dubai i mí na Samhna seo caite?

Chuir an litir síos ar an mbuairt atá orthu faoina gceantar féin agus an tionchar atá ag athrú aeráide ar a bhfuil i ndán don áit. Ní hamháin sin ach cuireadh an físeán breá seo i dtoll a chéile agus seoladh sall freisin é.

Bhuel, chuir na daltaí an tionscadal isteach ar chomórtas náisiúnta a d'eagraigh ECO-UNESCO. Is eagras oideachais timpeallachta agus óige é ECO-UNESCO a spreagann agus a chumasaíonn daoine óga i leith cúrsaí timpeallachta agus inmharthanachta.

Rinne na daltaí, mar aon le scoláirí as scoileanna ar fud Chonnacht cur i láthair in Ollscoil na Gaillimhe coicís ó shin agus tá ainmniúchán faighte acu chuig an gcraobh náisiúnta i mBaile Átha Cliath ar an gCéadaoin 15 Bealtaine.

Comhghairdeachas leo agus guíonn muid chuile rath orthu.


# RANGANNA GAEILGE

Cuirfear tús le gearrchúrsa Gaeilge in Inis Fáil sa Spidéal ar an Mháirt seo chugainn 30 Aibreán.

Leanfaidh sé chuile Mháirt i rith na Bealtaine idir 8.00 i.n go 9.30 in. Cúrsa idirmheánach atá i gceist, do dhaoine a bhfuil roinnt Gaeilge acu cheana féin.

Seol teachtaireacht chuig optchoisfharraige@gmail.com más mian leat clárú do na ranganna. Scaipigí an scéal!

# CLUB LEABHAR CHOIS FHARRAIGE




Beidh ceann de chlasaicí móra na litríochta Gaeilge á phlé ag Club Leabhar Chois Fharraige Tigh Mholly ar an 15 Bealtaine ag 9.00 i.n. Tá leagan nua cóirithe ag Eoghan Mac Giolla Bhríde den cnuasach cáiliúil gearrscéalta An Grá agus an Ghruaim le Seosamh Mac Grianna. Sa leagan nua seo téann Eoghan ar ais go dtí an bunleagan. Athraíodh an litriú go dtí an litriú comhaimseartha ach léirítear meas ar chanúint agus ar fhoghraíocht Sheosaimh.

Ceann de na príomhathruithe a rinneadh ar an mbunleagan in imeacht na mblianta ná gur baineadh an scéal 'An Bhean Lán de Stuaim' amach, ar fhaitíos nach raibh sé "feiliúnach" do scoláirí óga. Tá an scéal sin, agus 'Bíonn Súil le Muir ach Ní Bhíonn Súil le hUaigh', sin an ceann a cuireadh isteach ina áit, sa leagan nua.

Is cinnte go ndéanfar mionchíoradh agus go nochtfar neart tuairimí ag an seisiún plé tígh Mholly. Tá daoine sa bpobal a léigh na scéalta seo don Ardteist mar go mbíodh an leabhar ar an liosta léitheoireachta ar feadh na mblianta. Seo seans anois duit mar sin dul siar ar bhoithríní na smaointe, fiú muna mbíonn tú ag freastal ar an gClub go rialta. Tapaigh an deis, aimsigh do shean-chóip nó ceannaigh an leagan nua ón na foilsitheoirí, Éabhlóid, nó i siopa Chló Iar-Chonnacht sa Spidéal.

# SEISIÚN NA bhFORBACHA

*Bhí seisiún iontach Tigh Phádraicín*
*ar an gceathrú lá fichead de Mhárta,*
*Bhíodar ann ó Ros a' Mhíl, ó Dhún na nGall is Carna.*
*Beidh an athimirt a'inn Dé Domhniagh beag seo.*
*An mbeidh tú féin i láthair?*
*Mar beidh sean-nós a'inn is ballads*
*agus plaic bheag ar an bpláta.*

*Agus fear an tí? == Séan Ó Gráinne!!!*



Mar sin, bí Tígh Phádraicín ar an Domhnach, 28 Aibreán, ag 8.00 i.n!

# FÉILE JOE ÉINNIÚ 2024

**Déanfar comóradh ar dhá scór bliain ó bhásaigh Joe Éinniú ag Féile Joe Éinniú i gCarna idir an 3-6 Bealtaine.**

**Tá neart imeachtaí ar an gclár, idir chainteanna, taispeántais, ceardlanna, comórtais, seoltaí — agus seisiúin amhránaíochta dar ndóigh.**

**Is é Toner Quinn a dhéanfaidh an oscailt oifigiúil agus cuirfear míreanna ó Chartlanna Joe Éinniú i láthair ar an oíche sin.**

**Cuirfear an-spéis sa gceiliúradh a dhéanfar ar amhránaíocht agus ar oidhreacht Sheáin ’ac Dhonncha, Johnny Joe Pheaitsín, le linn na deireadh seachtaine.**

**Beidh ócáid shonrach ann ar an Domhnach, tráth a seolfar *Dhá Scór Eala*, cnuasach fillíochta le hAingeal Ní Chualáin agus *Ceol na Mara*, láithreán gréasáin le Mícheál Ó Lochlainn faoin laoch teanga as Roisín na Mainiach, Máire Ní Ghuairim.**

**Tá clár ar leith leagtha amach don óige, agus imeachtaí ann dóibh ar an Satharn agus arís ar an Domhnach. Cuirfear na múrtha fáilte roimh mhuintir Chois Fharraige in Iorras Aithneach.**



## Féile Joe Éinniú

*The Joe Heaney Festival of Traditional Singing*

*Carna, Conamara, 3-6 Bealtaine 2024*

*Comóradh Dhá Scór Bliain ar bhás Joe Éinniú (1919-1984)*

© Nutan Photography www.nutan.ie

### Dé hAoine 3 Bealtaine

20.00 Áras na hOllscoile
**Fáiltiú agus Oscailt Oifigiúil**
Toner Quinn, ceoltóir, scríbhneoir agus foilsitheoir

***Ó Aird an Chaisleáin go Seattle***
Comóradh agus Cuimhní ar Shaol agus Saothar Joe Éinniú
Aíonna: Máire Nic Fhinn, Mícheál Ó Lochlainn, Néillidh Mulligan, Sean Williams

22.30 Tigh Mheaic – **Seisiún ceoil agus amhránaíochta**

### Dé Sathairn 4 Bealtaine

10.30-12.00 Áras na hOllscoile - Ceardlann Lúibíní le Fearghas Mac Lochlainn (daltaí bunscoile agus meánscoile)
10.30-11.30 Áras Shorcha Ní Ghuairim - Ceardlann Amhránaíochta Béarla le Eithne Ní Chatháin
11.30-12.30 Áras Shorcha Ní Ghuairim - Ceardlann Amhránaíochta ar an Sean-Nós le Micheál Ó Cuaig (níl aon táille ar na ceardlanna seo)

Ionad Cuimhneacháin na nImirceach
12.30 **Ceol na nÓg:** Seisiún ceoil don aos óg le ceoltóirí áitiúla agus aíonna
14.30 Tigh Mhóráin – **Mórsheisiún Amhránaíochta na Féile** Fonnadóirí áitiúla agus aíonna
15.00 Tigh Leavy – **Seisiún Ceoil**

Ionad Cuimhneacháin na nImirceach
20.00 **Ceolchoirm na Féile**
David Power, Feilimí O’Connor, Fidelma & Mick O’Brien, Néillidh & Fiachra Mulligan, Johnny Mháirtín Learaí Mac Donnchadha, Eithne Ní Chatháin, Ceoltóirí Ollscoil Luimnigh, Maeve O’Neill, Breandán Ó Ceannabháin, Johnny Óg Connolly, Clann Uí Mhaoilchiaráin – Bairbre, Bríd & Máire, Seosamh Ó Neachtain, Tony Sweeney, Baba de Búrca, Clann Johnny Joe Pheaitsín ’ac Dhonncha – Feidhlim, Mac Dara, Páraic & Sinéad, Calum MacMillan, Alice MacMillan
**Fear an Tí:** Séamus Ó Flatharta
Cead isteach: €15 (lascaine do theaghlaigh)

22.30 Tigh Mheaic
**Seisiún ceoil agus amhránaíochta**

### Dé Domhnaigh 5 Bealtaine

11.30 **Aifreann na Féile –** Séipéal Mhuire (á chraoladh beo ar RTÉ RnaG)
Cuairt ar uaigh Joe Éinniú i Reilig Mhaírois (Bus ag fágáil ó gheata an tSéipéil tar éis an Aifrinn)

13:00 **Tigh Mhóráin**
Seisiún ceoil agus amhránaíochta

Áras na hOllscoile
14:00 **Comórtas Amhránaíochta na nÓg (Sean-Nós)** Aoisghrúpaí: Faoi 9,12,15,18
Corn Cuimhneacháin Joe Éinniú (F15)
Corn Cuimhneacháin Shiobháin Uí Neachtain (F18)

Áras na hOllscoile
16:00 **Ócáid Seolta**
**Seoladh Leabhair:** Cnuasach Filíochta, *Dhá Scór Eala*, le Aingeal Ní Chualáin (Cló Iar-Chonnacht) á sheoladh ag Jackie Mac Donncha, scríbhneoir
**Seoladh Láithreáin Gréasáin:** ‘Ceol na Mara’ le Mícheál Ó Lochlainn: comóradh agus ceiliúradh ar Mháire Ní Ghuairim (1896-1964), amhránaí, craoltóir agus scríbhneoir, á sheoladh ag Séamas Ó Concheanainn, An Coimisinéir Teanga agus Iar-Riarthóir Áras Shorcha Ní Ghuairim.

18:30 **Tigh Mheaic**
Amhránaíocht agus Oidhreacht Sheáin ’ac Dhonncha (1919-1996): Taispeántas Ceoil agus Cuimhní Cinn ó Pháraic, Sinéad, Feidhlim agus Mac Dara Mac Donncha

21.00 **Tigh Mheaic**
Seisiún Ceoil agus Amhránaíochta

### Dé Luain 6 Bealtaine

12.00 Tigh Mhóráin – Dlaoi Mhullaigh na Féile: Seisiún ceoil agus amhránaíochta

### Imeachtaí Breise:

#### Déardaoin 2 Bealtaine

*19.30 Ionad Cuimhneacháin na nImirceach*
Ceardlann Scríobh Amhrán Gaeilge
(Pleanáil Teanga Chonamara Láir)

#### Dé hAoine 3 Bealtaine

*Ionad Cuimhneacháin na nImirceach*
*09.15* **Iris Aniar** á chraoladh beo ar RTÉ RnaG

### Lóistín

Máirín Cooke, Seaside B&B, Muighinis: 095-32030
Caitlín Uí Chlochartaigh, B&B, Muighinis: 095-32269
Bridie Uí Neasa, B&B, Coill Sáile: 095-33584

### Seirbhís Taxi

Meadhbh Ní Ghaora: 087-9303548

### Teagmháil

Bríd Ní Mhaoilchiaráin: 087-6753451
bridnmc@gmail.com

facebook.com/feilejoeeinniu

Deartha ag: Clódóirí CL Print - 091-506597

**Buailigí siar!**

# — TACÚ LE GAZA —

## *Ar Son na Pailistíne*




Tá *Ar Son na Pailistíne*, paimfléad sé leathanach déag i bhfoirm bileoige fillte foilsithe ag Leabhar Breac ar mhaithe le fóirithint bia agus leighis a chur ar fáil dóibh siúd sa bPalaistín atá ina gátar. Is cnuasach scríbhneoireachta le naonúr scríbhneoirí atá ann. Tá sleachta as úrscéalta atá ar na bacáin ag Eilís Ní Anluain, Liam Mac Cóil, Diarmuid Johnson agus Darach Ó Scolaí, sliocht as luathstair na hÉireann atá á scríobh ag Vincent Morley, scéalta úrnua le Antain Mac Lochlainn agus Proinsias Mac a' Bhaird agus dánta nua le Cathal Ó Searcaigh, chomh maith le haistriúchán le Colm Ó Ceallacháin ar shaothar leis an bhfile Refaat Alareer ar mharaigh na hIosraelaigh é anuraidh in ionsaí aeir, ann.

Tá clúdach an-bhreá le Caomhán Ó Scolaí ar an bpaimfléad. Is go deonach a chuir na rannpháirtithe ar fad a gcuid saothair ar fáil agus íocfar pé méid airgid a bhaileofar le Cumann an Chorráin Dheirg sa bPailistín.

Is féidir é a ordú díreach ó Leabhar breac.

# Gaeil ar Son Gaza

Tá An Spailpín Fánach sa Spidéal ag cur T-léinte ar fáil do 'Gaeil ar son Gaza'.
Téann an brabach ar fad i dtreo pháistí bochta i nGaza tríd an PCRF, Palestinian Childrens Relief Fund in Ramallah ar an mBruach Thiar.
Is féidir orduithe a chur isteach ag www.sapilpin.com.




# Conamara ar Son Gaza

Beidh coirmcheoil ar bun i Scoil Chuimsitheach Chiaráin ar an gCeathrú Rua ar oíche an tSathairn 27 Aibreán ag 7.30 ar mhaithe le pobal Ghaza. Beidh scoth an cheoil ann ó Shíle Denvir, Barry Kerr, Ceoltóirí Óga Chois Fharraige agus Treasa Ní Cheannabháin, mar aon le cainteanna ó Róisín
Ní Chinnéide, Dina Abuschmoud agus Aindriú de Buitléir.
€20 an ticéad agus doirse ag oscailt ag 7.00 i.n.

